


Oíche Chultúir



Eochairfhocail: oidhreacht, Gaeltacht Mhúscraí, ceiliúradh, amhránaíocht

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad atá i gceist le hOíche Chultúir?
2. Cad is breá le Sadbh a dhéanamh?
3. Breac síos rud amháin a bheidh ar siúl ag Éadaoin i rith Oíche Chultúir?
4. Cén ceantar Gaeltachta a luaitear sa mhír nuachta?

Anois, tar éis duit breathnú ar an mír sin an féidir leat tabhairt faoin léamhthuiscint seo?

Oíche Chultúir

Eagraíodh an chéad Oíche Chultúir in Éirinn sa bhliain 2006. Is éard atá i gceist le hOíche Chultúir ná cead isteach saor in aisce a thabhairt do phobal na hÉireann chuig imeachtaí éagsúla timpeall na tíre. Imeachtaí a bhaineann leis na healaíona agus le hoidhreacht agus stair na hÉireann a bhíonn i bhformhór mór na n-imeachtaí. Is iomaí amharclann, leabharlann, músaem, dánlann agus eagraíocht phobail a ghlacann páirt in Oíche Chultúir. Tá fás as cuimse tagtha ar Oíche Chultúir le fiche bliain anuas agus is tá sí ar cheann de na hoícheanta is mó a mbíonn muintir na hÉireann ag súil léi gach Meán Fómhair.

Foghlaim



Oíche Chultúir



1. Cén bhliain ar cuireadh tús le hOíche Chultúir?
2. An gcaithfidh muintir na hÉireann íoc as freastal ar imeachtaí Oíche Chultúir?
3. Breac síos pobal amháin a ghlacann páirt in Oíche Chultúir?
4. An mbíonn éileamh mór ann i measc phobal na hÉireann d'imeachtaí Oíche Chultúir gach bliain?
5. Ar fhreastail tú féin ar aon ócáid de chuid Oíche Chultúir cheana? Má d'fhreastail, cén saghas imeachta a bhí ann?

An féidir leat anois trí bhriathar san Aimsir Láithreach a aimsiú sa léamhthuiscint agus iad a chur in abairtí?

1. _____
2. _____
3. _____



Oíche Chultúir



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Oíche ina ndéantar ceiliúradh ar stair, traidisiún agus ar oidhreacht na hÉireann
2. A bheith ag seinm
3. Ag canadh, ag rince agus ag seinm ceoil
4. Gaeltacht Mhúscaí, Corcaigh

Anois, tar éis duit breathnú ar an mír sin an féidir leat tabhairt faoin léamhthuiscint seo?

1. 2006
2. Ní chaithfidh
3. Leabharlanna, amharclanna, músaeim, dánlanna is araile
4. Bíonn an-éileamh ann/tá fás as cuimse tagtha ar an bhféile

